An Roinn Oideachais
Department of Education

# Ráitis Airgeadais & Tuarascáil 2023

## An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta** **Meitheamh 2024**

# Clár


| | |
|---|---|
| Ár Misean | 2 |
| Cúlra | 3 |
| Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach | 5 |
| Athbhreithniú Bliantúil ar Rialachas | 7 |
| Comhaltaí an Bhoird & Foireann | 8 |
| Cur chuige | 10 |
| Dátaí cruinnithe an Bhoird 2023 | 11 |
| Coistí COGG | 14 |
| Feidhm reachtúil 1 | 15 |
| Feidhm reachtúil 2 | 17 |
| Feidhm reachtúil 3 | 19 |
| Feidhm reachtúil 4 | 22 |
| Ráitis Airgeadais | 25 |

# Ár Misean

Cúraim na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chomhlíonadh go héifeachtach, go gairmiúil agus ar ardchaighdeán ar mhaithe le forás na hearnála Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur chun cinn agus ar mhaithe le múineadh na Gaeilge i scoileanna uile na tíre.

# Cúlra

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) in 2002 faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais (1998) le go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

## Feidhmeanna reachtúla:

- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú
- Chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta
- Chun seirbhísí taca a chur ar fáil do na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge
- Chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann na cúraimí seo
- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú agus chun taighde a sheoladh, agus comhairle a thabhairt don Aire, maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.

Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann

- le múineadh na Gaeilge,
- le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear, nithe a bhaineann leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin,
- le riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéir Ghaeltachta.

## An Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Nuair a seoladh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta in 2016, tugadh ról lárnach do COGG ina chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta agus seirbhísí tacaíochta éagsúla. Tá acmhainní breise dáilte ar COGG chun gníomhartha áirithe a chomhordú a bhaineann leis an bPolasaí chun tacú le scoileanna a roghnaíonn a bheith rannpháirteach sa Scéim. Áirítear ar na bearta a bhí le cur i bhfeidhm ag COGG in 2023

- comhordú ar FGL a sholáthar do phríomhoidí agus do mhúinteoirí i scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim
- comhordú ar fhorbairt líonraí do scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim
- sparánachtaí taighde breise a sholáthar do phríomhoidí agus/nó múinteoirí atá rannpháirteach sa Scéim chun gabháil le taighde ar an oideachas trí Ghaeilge agus oideachas Gaeltachta
- suíomh gréasáin COGG a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh mar thairseach acmhainní Gaeilge do scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta, áit a mbeidh teacht ar acmhainní Gaeilge ar ardchaighdeán.

# Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord COGG dearbhaím go bhfuil córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais i bhfeidhm ag COGG agus go bhfuil an Bord freagrach as an gcóras sin. Dearbhaítear go ndéantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe seo. Glactar leis, áfach, nach féidir le córas den chineál seo ach cinnteacht réasúnta a sholáthar, seachas cinnteacht dhaingean, in aghaidh earráid ábhartha.

Dearbhaítear gur cuireadh Ráitis Airgeadais 2023 faoi bhráid an Bhoird ar an 27 Feabhra 2024 agus gur glacadh leo mar chuntas cruinn agus fírinneach ar ioncam agus ar chaiteachas COGG.

Dearbhaím nach bhfuil aon imeachtaí suntasacha iarchláir chomhardaithe ag COGG.

## Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú tríd seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- Coiste Iniúchóireachta & Riosca a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil leis an gcóras inmheánach rialaithe airgeadais a chomhlíonadh.

Leanann an Bord de bheith ag forbairt agus ag feabhsú próisis bhainistíochta chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí na nithe seo a leanas:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear, an méid agus na catagóirí a mheastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a íoslaghdú;
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a oibriú i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Tá an córas inmheánach rialaithe airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear, deighilt dualgas agus córas cleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- gur gá córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithnítear agus a chomhaontaíonn an Bord leis an bhFeidhmeannas
- ráiteas faoi shreabhadh airgid ag gach cruinniú Boird le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra
- córas cuntasaíochta airgeadais a chur i bhfeidhm – tá pacáiste cuntasaíochta (SAGE) in úsáid ag an bhFeidhmeannas chun na rialuithe inmheánacha airgeadais a éascú.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe agus gnólacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun na feidhme iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus déantar gach iarracht cloí leis an gCód Cleachtais Géilliúlachta agus Maoluithe. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an mBord. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú bliantúil ar na ráitis airgeadais bhliantúla.

Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe ag an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca agus faoi réir fhaomhadh an Bhoird.

# Athbhreithniú Bliantúil ar Rialachas

Deimhním go ndearnadh athbhreithniú ar an gcóras inmheánach rialaithe airgeadais, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023.

Tá comhaontú scríofa maoirseachta ag COGG leis an Roinn Oideachais. Bhí dhá chruinniú rialachais ag COGG leis an Roinn Oideachais in 2023, ceann i mí Aibreáin agus ceann i mí na Samhna.

Dearbhaím go bhfuil an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoi S / 22 (1) d'Acht na Nochtuithe Cosanta 2014, foilsithe ar shuíomh gréasáin COGG.

Dearbhaím nach bhfuil aon díospóidí dlíthiúla leanúnacha ag COGG lena mbaineann comhlachtaí Stáit eile de réir na n-oibleagáidí a thagann chun cinn faoi Chód Cleachtais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (R/CPA) Dearbhaím nach bhfuil aon díospóidí dlíthiúla ag COGG a bhaineann le caiteachas de €25,000 nó níos airde leis an ROS agus an Rannóg Vóta R/CPA ábhartha de réir spriocdháta bliantúil an 30 Meitheamh den bhliain roimhe sin.

Deimhním go gcloítear le rialacha an státchórais maidir le costais taistil.

Deimhním gur chloígh COGG leis na riachtanais maidir le soláthar poiblí agus leis na tairseacha reatha luacha chun rialacha náisiúnta agus soláthair an AE a chur i bhfeidhm.

Deimhním gur forbraíodh agus gur foilsíodh beartais agus nósanna imeachta soláthair don fhoireann agus don Bhord.

Deimhním go bhfuil Beartas Teicneolaíochta Faisnéise i bhfeidhm ag COGG ar a bhfuil uasdátú leanúnach á dhéanamh.

## Creatlach ar Riosca & Smacht

Gníomhaíocht neamhspleách oibiachtúil dearbhaithe agus sainchomhairleoireachta is ea iniúchóireacht inmheánach agus tá sé in ainm luach a chur le agus feabhas a chur ar oibríochtaí na heagraíochta. Cabhraíonn sé le COGG a cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach smachtaithe a chruthú i leith éifeachtacht próisis bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais a mheasúnú agus a fheabhsú.

Lean DHKN (An tIniúchóir Seachtrach) le cur i bhfeidhm an phlean iniúchta (2020-2024) in 2023.

Rinneadh iniúchadh ar ghéilliúlacht COGG leis an gCód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit (2016) go hinmheánach in COGG i mí na Nollag 2023 agus cuireadh torthaí an iniúchta faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca (CIR) i mí Feabhra 2024.

Ceapadh Iniúchóir Seachtrach in 2023 le hiniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais iad i mí Feabhra 2024.

## Comhaltaí an Bhoird 10 Bealtaine 2022 - 2026

| | |
|---|---|
| **Cathnia Ó Muircheartaigh** | Cathaoirleach (Aibreán 2023)<br>Ceapachán an Aire Oideachais |
| **Máirín Ní Chéileachair** | Leas-Chathaoirleach<br>Ceapachán Chumann Múinteoirí Éireann |
| **Nóra Ní Loingsigh** | Ceapachán GAELOIDEACHAS<br>Ionadaí thuismitheoirí na scoileanna lán-Ghaeilge |
| **Aodh Mac Craith** | Ionadaí mhúinteoirí na scoileanna lán-Ghaeilge |
| **Lorraine Finn** | Ionadaí Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire |
| **Gilbert de Búrca** | Ionadaí Aontas Múinteoirí Éireann |
| **Éanna Ó Cróinín** | Ceapachán Údarás na Gaeltachta<br>Ionadaí scoileanna na Gaeltachta |
| **Pádraig Mac Grianna** | Ceapachán Údarás na Gaeltachta<br>Ionadaí thuismitheoirí na Gaeltachta |
| **Edel Ní Chorráin** | Ionadaí Fhoras na Gaeilge |
| **Elaine Ní Neachtain** | Ionadaí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| **Peadar Ó Muirí (go dtí Iúil 2023)**<br>**Fiona Ní Mheachair (Meán Fómhair 2023)** | Ionadaí na Roinne Oideachais |
| **Eibhlín Nic Gearailt** | Ionadaí Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe Thuaisceart Éireann (CCEA) |

## An Feidhmeannas

**Foireann**

| | |
|---|---|
| Jacqueline Ní Fhearghusa | Príomhfheidhmeannach |
| Pádraig Ó Beaglaoich | Leas-Phríomhfheidhmeannach |
| Aisling Nic Craith | Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin (ar sos gairme Feabhra 2025) |
| Steph Uí Choinne | Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach |
| Brigid de Búrca | Oifigeach Feidhmiúcháin ar iasacht (Iúil 2025) |
| Pól Ó Cainín | Eagarthóir/ Cúntóir Taighde |

### Oifigigh Oideachais

Jacaí de Brún (éirithe as Meitheamh 2023)
Bríd Ní Dhonnchadha (1 Meán Fómhair 2023)
Tríona Nic Fhinn (1 Meán Fómhair 2023)
Frank Ó Tormaigh – Oifigeach Oideachais Digiteach
Róisín Ní Mhulláin – Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile (Eanáir 2023)
Aoife Ní Shéaghdha – Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile (Eanáir 2023)

### Oifigigh an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

| | |
|---|---|
| Mícheál S. Mac Donnacha | Oifigeach Oideachais Bunscoile |
| Toirdealbhach Ó Lionáird (Eanáir 2023) | Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile |

## Buiséad ón Roinn Oideachais

| | |
|---|---|
| 2002 | €253,396 |
| 2003 | €291,501 |
| 2004 | €417,463 |
| 2005 | €721,704 |
| 2006 | €983,560 |
| 2007 | €1.245m |
| 2008 | €1.245m |
| 2009 | €1.238m |
| 2010 | €1.234m |
| 2011 | €1.386m |
| 2012 | €1.3m |
| 2013 | €1.3m |
| 2014 | €1.35m |
| 2015 | €1.35m |
| 2016 | €1.46m |
| 2017 | €1.747m |
| 2018 | €1.313m |
| 2019 | €1.818m |
| 2020 | €1.949m |
| 2021 | €2.753m |
| 2022 | €2.542m |
| 2023 | €3.04 m |

Ba é €3.04 m. ioncam iomlán COGG sa bhliain 2023 ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais, €297,000 mar chistiú don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta san áireamh, €35,000 ó Fhoras na Gaeilge don togra Clubanna léitheoireachta agus €84.894.46 ó dhíolachán foilseachán.

# Cur chuige

De bharr líon beag na foirne, is ar bhonn conartha a chomhlíonann COGG mórchuid dá feidhmeanna reachtúla, ina measc:

- Aistriúchán agus eagarthóireacht ar réimse leathan áiseanna foghlama agus teagaisc
- Forbairt áiseanna nua foghlama agus teagaisc
- Tionscadail taighde
- Bainistiú an taispeántais taistil d'áiseanna foghlama agus teagaisc

## Comhpháirtíocht Thuaidh Theas

Tá forbairt déanta le blianta beaga anuas ar ghníomha**íochtaí** comhpháirtíochta leis an gComhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA), An tÁisaonad agus Comhairle na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann. Tá ionadaí ag CCEA ar bhord COGG agus tá ionadaíocht ag COGG ar bhord Chomhairle na Gaelscolaíochta.

Tá COGG ag obair i bpáirt leis an Áisaonad ar fhorbairt CLEITE, an Clár Luathléitheoireachta. Tá áis idirghníomhach don Mhatamaitic forbartha ag COGG i bpáirt le CCEA ar a thugtar ***Mol Mata***. Tá oiriúnú déanta ar an acmhainn ***Turas na Scríbhneoireachta*** do chomhthéacs an deiscirt agus an acmhainn sin roinnte ar scoileanna ag tús 2024. Déantar gach iarracht luach ar airgead a dheimhniú trí ghearradh siar ar aon dúbláil a d'fhéadfadh a tharlú maidir le forbairtí i dTuaisceart agus i nDeisceart na hÉireann.

# Dátaí cruinnithe an Bhoird 2023

16 Feabhra 2023
17 Aibreán 2023
08 Meitheamh 2023
28 Meán Fómhair 2023
02 Samhain 2023
05 Nollaig 2022

## Freastal ar chruinnithe

### Cruinnithe 2023

| Comhaltaí an Bhoird | Líon cruinnithe |
|---|---|
| Cathnia Ó Muircheartaigh - Cathaoirleach | 5/6 (Ceapadh in Aibreán 2023) |
| Máirín Ní Chéileachair – Leas-Chathaoirleach | 5/6 |
| Pádraig Mac Grianna | 5/6 |
| Éanna Ó Cróinín | 3/6 |
| Elaine Ní Neachtain | 5/6 |
| Nóra Ní Loingsigh | 5/6 |
| Aodh Mac Craith | 4/6 |
| Edel Ní Chorráin | 5/6 |
| Gilbert de Búrca | 2/6 |
| Lorraine Finn | 5/6 |
| Peadar Ó Muirí | 3/3 (deireadh lena thréimhse Iúil 2023) |
| Fiona Ní Mheachair | 1/2 (ceapadh Deireadh Fómhair 2023) |
| Eibhlín Nic Gearailt | 5/6 |

## Costais a íocadh le baill an Bhoird

| Ainm | Costais Taistil & Chothabhála a cúitíodh le comhaltaí in 2023 as freastal ar chruinnithe nó ar ócáidí eile a bhain le gnó na Comhairle |
|---|---|
| Cathnia Ó Muircheartaigh | €2,900.77 |
| Máirín Ní Chéileachair | €252.93 |
| Aodh Mac Craith | €499.52 |
| Elaine Ní Neachtain | - |
| Peadar Ó Muirí | - |
| Gilbert de Búrca | - |
| Edel Ní Chorráin | - |
| Eibhlín Nic Gearailt | - |
| Pádraig Mac Grianna | €1,137.25 |
| Lorraine Finn | - |
| Fiona Ní Mheachair | - |
| Nóra Ní Loingsigh | €329.87 |
| Éanna Ó Cróinín | €651 |

**Luach saothair**

Ní íoctar agus níor íocadh riamh, táille ar bith le Cathaoirleach, le Leas-Chathaoirleach ná le haon chomhalta de bhord COGG.

Costais Taistil de €101,353.27 a íocadh leis an bhfoireann le linn 2023.

Bhain €23,907.94 de seo leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta.

Thaistil Oifigeach Oideachais Róisín Ní Mhulláin chuig Féile Leabhar i mBologna na hIodáile agus seo an costas a bhí ar an turas sin €1,296.95

Ba iad na costais tabhaithe i leith na bhfostaithe ná:

| | |
|---|---|
| Tuarastail agus pá : | €786,349.56 |
| Táillí chomhaltaí boird: | Ní íoctar táillí boird |
| Costais phinsin: | Ní dheachaigh aon bhall foirne ar phinsean in 2023 |

Seo a leanas an líon fostaithe ag deireadh na bliana ar tháinig a gcuid sochar oifige laistigh de na bandaí seo a leanas (léiríonn sé seo na sochair oifige bhliantúla)

| | 2022 | 2023 |
|---|---|---|
| €60,000 - €69,999 | 2 | 2 |
| €70,000 - €79,999 | - | 2 |
| €80,000 - €89,999 | 1 | 2 |
| €90,000 - €99,999 | 2 | 3 |
| €100,000 - €109,999 | 1 | 1 |
| €110,000 - €119,999 | - | - |
| €120,000 - €129,999 | - | - |
| €130,000 - €139,999 | - | - |
| €140,000 - €149,999 | - | - |
| €150,000 - €159,999 | - | - |
| €160,000 - €169,999 | - | - |

Níl aon scéim íocaíochta bónais i bhfeidhm d'aon bhall foirne.

Íocadh an Príomhfheidhmeannach (2023) de réir scála tuarastail na Státseirbhíse – (Príomhoifigeach) Céim 6 (€109,917)

Caitheadh €309 ar chomhairle dlí. Íocadh €512.50 i leith comhairle a bhain le FOI. Íocadh €4,950 i leith seirbísí comhairleoireachta a bhain le cúrsaí soláthair. Íocadh €850 i leith seirbhísí comhairleoireachta a bhain le cúrsaí cumarsáide.

Ní dhearnadh aon chaiteachas ar fháilteachas le linn 2023.

## Prasíocaíochtaí

Tá COGG tiomnaithe chun gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc go pras. Is é an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a rialaíonn íocaíocht sonrasc ag COGG. Leathnaigh an Rialtas an ceangal neamhreachtúil maidir le Ranna Rialtais Láir go dtí gach comhlacht poiblí ó mhí Iúil 2011 amach, chun an tréimhse, a thugtar do Chomhlachtaí Poiblí a soláthraithe a íoc, a laghdú ó 30 lá go 15 lá. Faoi mar is dual do nósanna imeachta cearta airgeadais, tá iarracht an-mhór á déanamh le cinntiú go n-íoctar soláthraithe laistigh den fhráma ama sin.

Rinneadh athbhreithnithe gach ráithe lena thomhas cé chomh pras a d'íoc COGG soláthraithe. Le linn 2023 d'eisigh COGG 8% d'íocaíochtaí do sholáthraithe idir 16 & 30 lá, agus 90% d'íocaíochtaí taobh istigh de 15 lá agus 2% d'íocaíochtaí do sholáthraithe os cionn 30 lá.

# Coistí COGG

## Coiste Iniúchóireachta & Riosca

Faoi théarmaí an Chóid Chleachtais do chomhlachtaí stáit, bunaíodh Coiste Iniúchóireachta & Riosca le maoirsiú a dhéanamh ar iniúchadh inmheánach COGG. Rinneadh Téarmaí Tagartha athbhreithnithe an Choiste a fhaofadh ag cruinniú boird ar an 5 Nollaig 2023. Is gá 2 chruinniú ar a laghad den choiste a ghairm in aghaidh na bliana. Bíonn tuairisc ón gCoiste Iniúchóireachta & Riosca ag tús gach bliana.

Tá feidhm ag an gCoiste maidir le rioscaí corparáideacha a shainaithint, a rangú agus a chur in ord tosaíochta agus chun a chinntiú go gcuirtear bearta maolaithe cuí i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na rioscaí sin.

Tá triúr ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca:

Cathaoirleach: Deirbhile Nic Craith (ball seachtrach) Nóra Ní Loingsigh (comhalta boird), Edel Ní Chorráin (comhalta boird).

Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach agus/nó an Leas-Phríomhfheidhmeannach ar chruinnithe an choiste.

Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste in 2023.

14 Feabhra 2023

27 Meán Fómhair 2023

31 Deireadh Fómhair 2023

Níor cuireadh aon tuairisc iniúchtha faoi bhráid an Choiste i 2023. Bhí tuairisc á réiteach ar ghéiliúlacht COGG leis an gCód Cleachtais ach níor críochnaíodh an obair go dtí Eanáir 2024.

## Ráiteas ar Chomhlíonadh an Chóid Cleachtais

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Leanadh leis an dul chun cinn mór in 2023 maidir le COGG ag comhlíonadh a dualgas mar is cuí faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

# Feidhm reachtúil 1

- **Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú**

## TÉACSLEABHAIR AGUS ÁISEANNA EILE A D'FHOILSIGH COGG NÓ A BHÍ I mBÉAL FORBARTHA IN 2023 NÓ A FOILSÍODH I gCOMHPHÁIRT LE COMHLACHTAÍ TRÁDÁLA NÓ INSTITIÚIDÍ EILE

### Acmhainní Bunscoile

- **Sadhbh Rosenstock –** *Sraith leabhar nuachumtha – Eachtraí Teidí*
- **The Primary Planet** – *Eipic!* Iris nuachta mhíosúil
- **Eoghan Mac Giolla Bhríde (Éabhlóid) –** *Mamaí Gé* le Gabriel Rosenstock
- **Eoghan Mac Giolla Bhríde (Éabhlóid) – Scéalta scanrúla**
- **Risteard Mac Daibhéid (An Cat Sásta)** – *Dialann Deilfe*
- **Orlaith Ruiséal (Oidhreacht Chorca Dhuibhne)** – *Orla Uan i gClós na Feirme* - scéal agus dlúthdhiosca.
- **Darach Ó Scolaí (Leabhar Breac) –** *Macán ar Saoire; Macán ar an Trá;* agus *Macán ar ais ar Scoil*
- **Darach Ó Scolaí (Leabhar Breac)** – *An Crogall Ollmhór le Roald Dahl*
- **Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)** - Athchló ar an tsraith Lisín agus ar an tsraith Trixie
- **Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)** – Leagan Gaeilge den úrscéal grafach grinn *DOG MAN* le Dave Pilkey a fhoilsiú.
- **Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)** – *Púcaí Schmúcaí*
- **Glór na nGael (Udar.***ie)* – *Leabhar mothúcháin*
- **Áine Ní Ghlinn** – Dhá dhráma – *Luaithríona & Jeaic agus an Gas Pónaire*
- **An Dr Úna Lawlor -** Léigí amach é! Cuid 1
- **Cló Iar-Chonnacht** – Cluichí Drámaíochta le Fil Uí Dhubhghaill
- **Cló Iar-Chonnacht** – Drámaí Bunscoile
- **Cló Iar-Chonnacht** – An Crann Cois na Trá
- **Leabhar Breac** – Athchló ar an tsraith **Arrachtaí –** leabhair do pháistí óga
- **Doimnic Mac Giolla Bhríde –** Preab sa cheol
- **Ciarán Mac Fhearghusa** – Óga Yoga – **Diarmuid agus an Mata Yoga Draíochta san Astráil** – Scéal do pháistí
- **Dalen Éireann**- Úrscéalta Grafacha ón tsraith **Asterix**
- **Dalen Éireann** – leagan Gaeilge den tsraith Míofaí
- **The Weatherbies** – dhá leabhar sa tsraith agus sé fhíseán

- **ISPCC** – Bogann Cliste: acmhainní ar líne
- **Studio Bandia** – Deamhanréaltaí: áis mhatamaitice
- **www.leighleat.com** – forbairt leanúnach ar an suíomh gréasáin
- **Claire M. Dunne (Marino)** - Leaganacha digiteacha den da leabhar Sceitimíní
- **Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)** – eagráin nua de dhá Leabhar: Frog sa Spéir & Eileanóir agus an Eilifint Éagsúil
- **Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)** – Bí Fiáin, a Ghrá
- **Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)** – DOGMAN #3 (A Tale of Two Kitties)
- **Glór na nGael** – Monopoly Junior
- **Cló Iar-Chonnacht** – aistriúchán ar 10 leabhar ón tsraith Flyers
- **Education for Sustainability** – modúl ar athrú aeráide
- **Darach Ó Scolaí (Leabhar Breac) –** Bodach an Chóta Lachna
- **Darach Ó Scolaí (Leabhar Breac) –** athchló Charlie agus Monarcha na Seacláide
- **Corcra Media Teo** – Leabhar amhráin agus albam ceoil
- **Galway Fairytales** – fábhalscéal amháin as an tsraith
- **Siobhán Uí Bhraoin** – Fiach Fáinleoig
- **Risteard Mac Liam (My Irish Books)** – dhá leabhar fuaime

## Acmhainní bunscoile a forbraíodh lasmuigh den Scéim Mhaoinithe

- **COGG agus CCEA – Turas na Scríbhneoireachta – Leagan bunranganna agus leagan ardranganna**

## Acmhainní iar-bhunscoile

- **Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil in Ollscoil Mhá Nuad** – *Vifax* – áis d'fhoghlaimeoirí Gaeilge
- **Gael Linn** - *Splanc* (foilseachán don idirbhliain)
- **Foróige** – leagan Gaeilge den chlár 'Leadership for Life'
- **DBG Oid** – suíomh cuimsitheach d'fhoghlaim sa Mhata agus san Eolaíocht
- **Neasa Ní Chiaráin (Coláiste na Tríonóide)** – *An Bat Mírialta - córas teagascóireachta teanga cliste*
- **Neasa Ní Chiaráin (Coláiste na Tríonóide)** – *Cén Scéal?*
- **Durrow Communications** – *Reach +*
- **Tuairisc.ie** - Rannóg na bhFoghlaimeoirí
- **New Island Books** – leagan Gaeilge de 4 úrscéal
- **CyberSafeIreland** – acmhainní iar-bhunscoile
- **Léiriú Súgradh Teo** – Inis Friotal: sraith fhísiúil
- **Tracey Ní Mhaonaigh (Ollscoil Mhá Nuad)** – leabhar saothair a théann leis an tionscadal BEBRAS
- **Sadhbh Philibín e Silva** – suíomh gréasáin do ghramadach na Gaeilge
- **Darach Ó Scolaí (Leabhar Breac)** – Rún na Leice

- **Dalen Éireann** - Úrscéalta Grafacha: Lucky Luke & Arthur: Une Épopée Celtique
- **Matthias Eberl** – Superbugs
- **Rachel Farrell (UCD)** – leagan Gaeilge de www.cyberwise.ie
- **Taisce Chois Fharraige** – cnuasach eolais ar líne

## Acmhainní iar-bhunscoile a forbraíodh lasmuigh den Scéim Mhaoinithe

- **An Leabhrán Téarmaí** – forbartha ag COGG - acmhainn do scoláirí na chéad bhliana chun dul i ngleic leis an gcuraclam iomlán trí Ghaeilge – droichead idir an bhunscoil agus iar-bhunscoil
- **An Cailín Ciúin –** leabhrán staidéir á fhorbairt ag Institiúid Scannán na hÉireann
- **Edel Ní Loingsigh –** Acmhainn Staire do scoláirí staire na chéad bhliana – curtha ar fáil saor in aisce do scoláirí sa chéad bhliain in iar-bhunscoileanna T1 – Meán Fómhair 2023
- **Clár Fiontraíochta na Scoláirí (SEP) –** leagan Gaeilge á fhorbairt i gcomhar le Fiontraíocht Éireann
- **Triailscrúduithe**
  Páipéir do thriailscrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta i réimse leathan ábhar
- **Iarpháipéir scrúdaithe**
  Leabhair d'iarpháipéir scrúdaithe stáit i réimse leathan ábhar na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta
- **Páipéir shamplacha**
  Páipéir don tsonraíocht nua Ghaeilge do scoileanna T1 agus sraith ábhar eile.
- **Educate.ie –** leagan Gaeilge den téacsleabhar – *Alles Klar* forbartha – Gearmáinis na Sraithe Sóisearaí
- **Folens** – leaganacha Gaeilge de leabhair oibre agus saotharlainne don Fhisic agus don Cheimic forbartha agus curtha ar fáil saor in aisce, le freastal ar éileamh ón Ríomh-mhol (An tAonad um Oideachas Gaeltachta)

# Feidhm reachtúil 2

**Comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta**

Cuireann COGG comhairle ar fáil don Roinn Oideachais agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta mar chuid dá feidhmeanna reachtúla.

## An Roinn Oideachais

- Comhairle leanúnach á cur ar fáil maidir le feidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2024
- Comhairle maidir le forbairt Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht

- Comhairle leanúnach á cur ar fáil maidir leis an tionscadal d'Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

## Aighneachtaí chuig an Roinn Oideachais

1. Aighneacht faoin bPolasaí don Oideachas LánGhaeilge (POLG)
2. Aighneacht faoi chúrsaí Treoirghairme
3. Aigneacht ar chúrsaí Litearthachta agus uimhearthachta
4. Aighneacht ar fheidhmiú Acht EPSEN
5. Aighneacht faoi chúrsaí Teicneolaíochta agus Eolaíochta
6. Plean gníomh do na hEalaíona Gaeilge
7. An Comhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

## An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

- Comhairle leanúnach á cur ar fáil maidir le teagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge

**In 2023 bhí idirbheartaíocht agus plé ar bhonn aonuaire nó ar bhonn leanúnach leis na heagraíochtaí oideachais agus Gaeilge, ranna stáit seo a leanas:**

- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
- Gaeloideachas
- An Foras Pátrúnachta
- Foras na Gaeilge
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- TG4 Foghlaim
- Coláiste Mhuire gan Smál
- Institiúid Oideachais Marino
- Ollscoil na Gaillimhe
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Coláiste na Tríonóide
- Coláiste Froebel, Má Nuad
- Coláiste Phádraig, DCU
- An Foras Taighde ar Oideachas
- Na Coimisinéirí Ioncaim

## D'fhreastail ionadaí ó COGG ar na coistí/grúpaí seo a leanas:

- Coiste Comhairleach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2024
- Coiste Stiúrtha an Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht
- Bord na Sraithe Sóisearaí (CNCM)
- Meitheal Forbartha don teanga - bunscoil

- Meitheal Forbartha na Gaeilge: An tSraith Shinsearach (CNCM)
- Coiste Tochailte na Litríochta do Ghaeilge na Sraithe Sinsearaí (CNCM)
- Comhairle na Gaelscolaíochta, Tuaisceart Éireann
- Meitheal Athbhreithnithe agus Athstruchtúrtha an Churaclaim Bunscoile
- Coiste Stiúrtha an Tionscadail d'Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha
- Bord Clár lán-Ghaeilge CCEA
- Mol Mata CCEA
- Laethanta Léirmheas na gCarad T1 agus T2 maidir le soláthar FGL fhoireann Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí
- Coiste Stiúrtha do chur i bhfeidhm Acht EPSEN

# Feidhm reachtúil 3

**Chun seirbhísí taca a chur ar fáil do scoileanna trí mheán na Gaeilge**

**SEIRBHÍSÍ TACA:**

- **www.cogg.ie**
  Tá bunachar sonraí de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar fáil ar an suíomh seo, chomh maith le tuarascálacha taighde, nuacht agus ábhar eile.

  Bíonn teacht ar thriailpháipéir do na scrúduithe stáit ar eislíon ar an suíomh.

  Tá tairseach thiomnaithe tacaíochta agus acmhainne á forbairt mar ghné den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 – **An Tairseach.**
- **Ionad Acmhainní**
  Tá Ionad Acmhainní ag COGG le cóip amháin de gach acmhainn atá ar fáil do theagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge.
- **Taispeántas Taistil**
  Ionad taispeántais a thugann cuairt ar scoileanna i veain ina bhfuil sampla de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge – Veain COGG.
- **Cúrsaí Gaeilge**
  D'fhreastail 40 múinteoir ó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar an Dianchúrsa Gaeilge ar líne i mí Lúnasa.
- **Cúrsaí Gaeilge ar bhonn leanúnach**
  Cuireadh ranganna Gaeilge 10 seachtain ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile ar líne. D'fhreastail breis is 57 múinteoir ar na ranganna seo.
- **Píolótú ar Phobail Chleachtais na Nuatheangacha do mhúinteoirí iar-bhunscoile ag teagasc trí Ghaeilge** – i gcomhpháirt le Teangacha Iar-bhunscoile Éireann, chuir COGG dhá cheardlann saindhírithe d'iarbhunscoileanna T1 ar fáil mar chuid d'ócáid PPLI "Languages Connect Summit" i mBaile Átha Cliath ar an 14 Deireadh Fómhair 2023.
- Chuir COGG **scéim léitheoireachta phíolótach** ar bun Meán Fómhair 2023 ina raibh 20 scoil

páirteach idir ghaelscoileanna, bunscoileanna Gaeltachta, iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí. Bhí os cionn 700 páiste páirteach sa scéim léitheoireachta a leanfaidh ar aghaidh i 2024.

- Chuir COGG **pacáiste Gairmeacha** le chéile do na hiar-bhunscoileanna T1 agus a gcuid comhairleoirí Treorach. Sheol Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Tomás Ó Síocháin, an pacáiste ag ócáid Options West ar an 26 Meán Fómhair 2023. Ghlac COGG páirt sa Cheathrú Gaeltachta ag Higher Options ag léiriú na ndeiseanna gairmeacha éagsúla atá ar fáil do scoláirí agus daoine óga a bhfuil scoth na Gaeilge acu. Cuireadh sraith ceardlanna forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do Chomhairleoirí Treorach sna scoileanna T1 ar fud na tíre maidir leis an acmhainn nua i gcomhar le Careers Portal.
- Chomhoibrigh COGG le hOllscoil na Gaillimhe chun **Gnáthóga na Gaeltachta**, seit de phainéil téagartha ar a raibh réimse de ghnáthóga léirithe, a chur ar fáil d'iarbhunscoileanna T1 sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, le crochadh mar acmhainn teagaisc agus foghlama do scoláirí agus do mhúinteoirí.

**An Polasaí don Oideachas Gaeltachta**
An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (athraithe go 2024)

***Feidhmiú an Pholasaí in 2022***
Leanadh leis an obair thacaíochta i scoileanna na Gaeltachta maidir le cur i bhfeidhm gníomhartha éagsúla an Pholasaí

**Bunscoileanna:**
- Tacaíocht ionscoile (Cuairt ar scoileanna/Cruinnithe scoileanna)
- Seimineáir le scoileanna eile
- Tacaíocht ionscoile ar líne
- Acmhainní Gaeilge roinnte ar gach scoil
- Taighde coimisiúnaithe ar riachtanais speisialta oideachais i mbunscoileanna Gaeltachta

**Iar-bhunscoileanna:**
- Tacaíocht ionscoile
- Tacaíocht shainiúil ar leith do mhúinteoirí ábhar
- Seimineáir le scoileanna eile ar líne
- Fóram Feasa i gcomhair le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
- Ceardlann scoile uile: (foireann ar fad páirteach)
- Cuairteanna scoile chun eolas a roinnt faoin Tairseach (féach thíos)

**An Tairseach:**
- Sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 (An Roinn Oideachais), leagtar béim ar *"feabhas a chur ar sholáthar acmhainní agus tacaí teanga chun cuidiú le pleanáil scoile uile, teagasc, foghlaim agus measúnú i gcomhthéacsanna príomhshrutha agus RSO freisin."* (ROS, 2016, lch. 39)
- Chuir an Roinn Oideachais béim ar an riachtanas a bhaineann le "tairseach thiomnaithe ar líne a bhunú do scoileanna Gaeltachta agus i gcoitinne trí mheán na Gaeilge". (ROS, 2016, lch. 39)

- Tá an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta, tar éis múinteoirí a bhfuil taithí shaibhir i réimse ábhar iar-bhunscoile agus bunscoile acu, a aimsiú le linn thréimhse an Pholasaí go dtí seo. Tá acmhainní saibhre teagaisc agus foghlama cruthaithe acu i bhformáidí éagsúla, agus iad roinnte ar shuíomhanna COGG (www.cogg.ie) agus Scoilnet (www.scoilnet.ie) araon.
- Tá **an Tairseach** ar fáil anois do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile na tíre ag an nasc seo: www.tairseachcogg.ie
- Tá níos mó ná 2,000 acmhainn ar anois agus tuilleadh á gcrochadh de réir a chéile.
- Tá acmhainní bunscoile agus iar-bhunscoile á bhforbairt sna hábhair seo leanas:
  - ag leibhéal na bunscoile - Gaeilge, Matamaitic, Stair, Códáil / ETIM.
  - ag leibhéal na hIar-bhunscoile – Staidéar Gnó, Gnó, Eolaíocht, Staidéar Foirgníochta, Adhmadóireacht, Cuntasaíocht, Matamaitic Fheidhmeach, Ceimic, Tíreolaíocht, Stair, Matamaitic, Ríomheolaíocht, Fraincis, Gearmáinis, Eacnamaíocht Bhaile.
- Tá comhpháirtíochtaí leanúnacha ar siúl idir COGG agus Teangacha Iar-bhunscoile Éireann, Sábháilteacht ar Líne le Trend Micro, Gender Equality Matters le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Scoilnet agus TG4 Foghlaim.
- Tá cur chuige céimnithe ar bun ar chuntais shóisialta COGG maidir le heolas a chraobhscaoileadh i leith na n-acmhainní nua atá á bhforbairt.
- Cuirtear Nuachtlitir in aghaidh an téarma chuig na scoileanna T1 go léir agus chuig líon ard síntiúsóirí.

**Máistir Gáirmiúil san Oideachas (MGO), Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

- Cuireadh sparánachtaí ar fáil do chéimithe

**Cúrsaí agus cuir i láthair**

- Cuir i láthair maidir le hacmhainní teagaisc ar líne do mhúinteoirí agus d’ábhair oidí agus iad siúd i mbun cúrsaí céime ollscoile
- Cúrsa oiliúna do mhúinteoirí in earnáil an Ghaeloideachais, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh – tacaíocht mhaoinithe
- Cúrsa Gaeilge do mhúinteoirí i gColáiste Pobail Thraolach Mhic Suibhne (Aonad lán-Ghaeilge nuabhunaithe), Corcaigh – tacaíocht mhaoinithe
- Cuir i láthair éagsúla don Chigireacht ar acmhainní agus ar sheirbhísí COGG

**Cur i láthair ag Comhdhálacha Oideachais**

- Comhdháil Oideachais Chumann na bPríomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD)
- Tionól Teagaisc – An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)
- Comhdháil Chomhairle na Gaelscolaíochta
- An Tionól Forbartha – Gaeloideachas i bpáirt le COGG

**Seastáin – Ghlac COGG seastáin ag na hócaidí seo a leanas le hacmhainní na heagraíochta a léiriú**

- F**ÉILTE** – Comhdháil na Comhairle Múinteoireachta
- Comhdháil *Irish Primary Principals Network* (IPPN)
- Tionól Forbartha Gaeloideachas i gcomhpháirt le COGG

**Seirbhísí taca eile**

- **Liostaí téacsleabhar**
  Cuirtear liosta téacsleabhar cothrom le dáta chuig gach bunscoil agus gach iar-bhunscoil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge le heolas nuashonraithe faoi na téacsleabhair do liostaí leabhar na scoileanna
- **InTouch**
  Cuireadh alt ar fáil do gach eagrán den iris InTouch a thugann eolas faoi agus a chuireann síos ar úsáid éifeachtach áiseanna teagaisc Gaeilge
- **Triailpháipéir na scrúduithe stáit**
  Cuireadh leagan Gaeilge ar fáil de 40 páipéar triailscrúduithe éagsúla don tSraith Shóisearach agus don Ardteistiméireacht chomh maith le páipéir scrúduithe don tsonraíocht nua Ghaeilge do scoileanna T1
- **Eagarthóireacht**
  Cuirtear seirbhís eagarthóireachta téacsanna ar fáil (ach ní mar sheirbhís phoiblí) do dhaoine aonair, do ranna stáit agus do chomhlachtaí príobháideacha d'ábhar oideachasúil i nGaeilge de réir acmhainní daonna na heagraíochta ag aon am ar leith.
- **Seoladh Plean Straitéiseach COGG** agus Gnáthóga na Gaeltachta ar an 28 Meán Fómhair 2023 i gConamara.
- **Seoladh An Gadaí Bradach Feabhra 2023 i MoLI – Dialann Pandéime – Breandán Ó Dufaigh**
- **Seoladh 4 leabhar** léitheoireachta le New Island Open Doors ag Oireachtas na Samhna, Samhain 2023 agus eagraíodh seisiún ceisteanna agus freagraí le painéal de na haistritheoirí a d'oibrigh ar na leabhair i gcomhar le COGG agus New Island.

# Feidhm reachtúil 4

**Chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann a cúraimí**

**Taighde reatha**

- **An Dr Aisling Ní Dhiorbháin agus An Dr Tara Concannon** - Cur chuige ilteangach do theagasc ghramadach na Gaeilge i scoileanna arb é Béarla an meán teagaisc.
- **Amy Ní Chuirc** - Scafall agus tacaíocht a chur ar fáil do ról an tuismitheora/chaomhnóra i bhforbairt teanga na naíonán sa luaththumoideachas: Sainriachtanais, dúshláin agus féidearthachtaí.
- **Aoife Hill** - Múineadh agus Measúnú na Gramadaí i gcomhthéacs ábharbhunaithe na gaelscoile: Iniúchadh ar oideolaíocht agus ar mheasúnú éifeachtach.
- **Deirdre Nic Gabhann** - Eispéiris ar na cúiseanna lena nglactar le díolúintí ón nGaeilge i mbunscoileanna príomhshrutha T2: peirspictíochtaí príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí.
- **Julia Ní Chochláin** - Cad is Tionchar an Phobail Chleachtais Tras-Éarnála ar Fhorbairt Oideolaíochta na Nuatheangacha i suíomh an Tumoideachais Gaelscoile?

- **Michelle Ní Mháirtín** - Conas a théann Feasacht Teanga an Mhúinteora Iarbhunscoile i bhfeidhm ar mhúineadh na gramadaí Gaeilge sa scoil T2?
- **Miriam Ryan** - Cumarsáid agus Méasúnú Matamaiticiúla.
- **Dr. Niall Mac Uidhilin, Dr. Fiona Ní Choinceannáin agus Gearóid Ó Cadhain** - Scéim do Scoileanna Gaeltachta (bunscoileanna) clár saibhrithe teanga a chur ar siúl iad féin trí acmhainní saibhrithe teanga ceantarbhunaithe a chur ar fáil dóibh in éineacht le traenáil agus tacaíocht chuí, i gcur i bhfeidhm na gclár.
- **Teresa Ní Ghallchóir -** Evaluating the Impact of a Professional Learning Community on the Inclusion of Students with Special Educational Needs in Gaeltacht Post-Primary Schools.
- **An Dr T.J. Ó Ceallaigh, An Dr Emma Riordan agus An Dr Craig Neville -** An díospóireacht ar scaradh teangacha i seomra ranga nuatheangacha sa tumoideachas a athchruthú: Creidiúintí, dearcthaí agus cleachtais na múinteoirí.
- **Deirdre Ní Mhurchú -** Measúnú diagnóiseach dátheangach ar pháistí i luathbhlianta an oideachais trí Ghaeilge chun deacrachtaí luathlitearthachta a aimsiú
- **Nóra Ní Bheaglaoich -** Conas a fhorbraítear bonn eolais an mhúinteora maidir le straitéisí mhúineadh theanga na matamaitice trí Ghaeilge i ranganna na naíonán i mbunscoil T2?
- **Sarah Ní Dhuinnín -** Iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar fheasacht teanga múinteoirí eacnamaíochta baile sa scoil Ghaeltachta iar-bhunleibhéil
- **Emily-Anne Renison** - Riachtanais ábhar oidí i leith na Gaeilge
- **An Dr Pádraig Ó Duibhir, an Dr Laoise Ní Thuairisg, agus an Dr Judith Wylie** - Buntáistí agus dúshláin teanga atá ag iar-scoláirí na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar aistriú go hinstitiúid tríú leibhéal.
- **An Dr Niall Mac Uidhilin** - Saibhriú na Gaeilge agus spreagadh a húsáide i measc dhaltaí ardranganna na mbunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.
- **Aoife Ní Ghloinn** - Corpas Foghlaimeora Theastas Eorpach na Gaeilge & Tionscadal Próifílithe na Gaeilge
- **Caitlín Neachtain** - Tionchar acmhainn dhiagnóiseach teanga ar chumas Gaeilge in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí
- **Noel Ó Murchadha** - Guth an Scoláire agus Úsáid na Gaeilge
- **Seán Ó Grádaigh agus Clíona Murray** - Soláthar Múinteoirí Ábhar do na hIar-bhunscoileanna Lán-Ghaeilge & Gaeltachta 2014 -2020: Athbhreithniú agus staidéar comparáideach le taighde 2015
- **Seán Ó Grádaigh agus Clíona Murray** - Cá bhfuil na múinteoirí don earnáil Ghaeloideachais? Iniúchadh ar 'Scoil Céad Sprice' céimithe an MGO (Máistir Gairmiúil san Oideachas)
- **Anna Ní Ghallachair, Aoife Ní Ghloinn agus Siuán Ní Mhaonaigh** - Béaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís agus Moltaí
- **An Dr Clíona Murray agus an Dr Lucy Elvis** - Fealsúnacht do Pháistí - Litearthacht ó Bhéal a Fhorbairt trí FCÁT i gComhthéacs Tumoideachais
- **An Dr T.J. Ó Ceallaigh, Muiris Ó Laoire agus Máire Uí Chonghaile** - An fhoghlaim ghairmiúil a aithint, a threorú, a bhainistiú agus a cheiliúradh san Aonad Lán-Ghaeilge: Imscrúdú ar ról, ar fhreagracht, ar chleachtas agus ar acmhainneacht na ceannaireachta
- **An Dr Stanislava Antonijevic-Elliott agus an Dr Mary Pat O'Malley-Keighran** - Assessment of narrative in children attending Irish-medium schools in Gaeltacht and English dominant regions
- **Ailín Ní Chonchúir** - An teagasc ábharbhunaithe (FCÁT) agus caint an mhúinteora sa Ghaelcholáiste: Iniúchadh criticiúil ar shainriachtanais forbartha gairmiúla múinteoirí faoi oiliúint

- **Neasa Ní Chiaráin** - Corpas Cliste: taighde ar chorpas nua na bhfoghlaimeoirí atá á bhailiú ón ardán cliste An Scéalaí
- **Kerron Ó Luain** - Gluaiseacht na Gaelscolaíochta, 1973-2023; Stair Bhéil agus Stair Dhigiteach an Ghníomhaíochais Teanga ón mBun Aníos
- **Ailbhe Ní Chasaide & Neasa Ní Chiaráin** - Gléasanna cumarsáide a fhorbairt dóibh siúd faoi mhíchumas urlabhra: 'AAC' don Ghaeilge.
- **Aisling Ní Dhíorbháin & Pádraig Ó Duibhir** - Soláthar oideachais do pháistí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu sa chóras oideachais Gaeltachta/lán-Ghaeilge.
- **Caitríona Ní Luasa** - Staidéar ar ról na ceannaireachta sa tumoideachas i mbunú, bainistiú & bisiú Gaelscoile.
- **Caitríona Ní Mhurchú** - Iniúchadh ar Theagasc Foirm Dhírithe ar bhonn scoile uile: an spreagfar athrú cleachtais i measc múinteoirí bunscoile tumoideachais dá gcuirfí forbairt ghairmiúil leanúnach ar bun?
- **Carmel Nic Airt** - Staidéar comparáideach eitneagrafach ar ghnóthachtáil daltaí ar mheán-leibhéal inniúlachta ag an mbunleibhéal idir scoileanna T1 agus scoileanna T2.
- **Christine Ní Chathasaigh** - Feasacht teanga an mhúinteora ábhair sa Ghaelcholáiste: Iniúchadh ar shainriachtanais, ar fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí ábhair agus ar thionchar na foghlama sin ar chleachtais oideolaíochta.
- **Claire M. Dunne & Sylvaine Ní Aogáin** - Teagasc Ionchuimsitheach na Gaeilge
- **Helena Nic an Fhailí** - Iniúchadh ar chleachtais thrasteanga i nGaelscoileanna
- **Stanislava Antonijevic-Elliott agus Maria Garraffa** - Reading in Irish: the development of a reading assessment for Irish-medium schools in Gaeltacht and English dominant regions.
- **Toirdealbhach Ó Lionáird** - Tionchar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (POG) ar eispéireas, féiniúlacht agus ról an phríomhoide iar-bhunscoile Gaeltachta: cás-staidéar ar cheithre iar-bhunscoil Ghaeltachta.
- **Esther Ní Dhulchaontaigh** – Foghlaim, Sealbhú agus úsáid teanga a shaibhriú i gcomhthéacs na Matamaitice sna hardranganna i nGaelscoileanna
- **Hilary Ní Chonchubhair** – Tionchar Phaindéim Covid 19 ar an tumoideachas: Leanúnachas, teagasc agus foghlaim san earnáil - cá bhfuilimid anois?
- **An tOllamh Ailbhe Ní Chasaide, an tOllamh Neasa Ní Chiaráin, an Dr Emily Barnes,** Coláiste na Tríonóide – AAC* don Ghaeilge 2: Gléasanna cumarsáide do dhaoine uathacha agus do dhaoine gan urlabhra

**Taighde críochnaithe**

- **Caitríona Ní Chinnéide** - Irish-Medium Education: The Experience of Irish-Medium Primary Schools for Children with Down Syndrome and their Parents.
- **Gráinne de Búrca** – Na cineálacha tacaíochtaí atá ag teastáil ó pháistí le huathachas chun ionchuimsitheacht rathúil sa suíomh lán-Ghaeilge a chinntiú.
- **Síle Ní Ríogáin** - Cumarsáid i bhfoghlaim thionscadalbhunaithe E.T.I.M. i nGaelscoileanna.
- **An Dr Pádraig Ó Duibhir agus an Dr Joe Travers** - Tacaíocht foghlama do pháistí le deacrachtaí/ míchumais foghlama i suíomh tumoideachais in Éirinn.
- **Pádraig Ó Duibhir, Emily Barnes, Sinéad Andrews agus Joe Travers** - Forbairt measúnú litrithe dátheangach de réir critéir do pháistí Rang 1 i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

# An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain Dar Chríoch An 31-12-2023


| | |
|---|---|
| Baill An Bhoird Agus Eolas Breise | 26 |
| Ráiteas Ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí Na Comhairle | 27 |
| Tuairisc An Iniúchóra Neamhspleách | 28 |
| Clár Comhordaithe | 32 |
| Nótaí ar an gCuntas Airgid | 33 |
| Mionchuntas Trádála | 35 |

## BAILL AN BHOIRD AGUS EOLAS BREISE

| | | |
|---|---|---|
| BAILL AN BHOIRD | Cathaoirleach | Cathnia Ó Muircheartaigh |
| | Leas-Chathaoirleach | Máirín Ní Chéileachair |
| | | Nóra Ní Loingsigh |
| | | Eibhlín Nic Gearailt |
| | | Aodh Mac Craith |
| | | Lorraine Finn |
| | | Gilbert de Búrca |
| | | Éanna Ó Cróinín |
| | | Pádraig Mac Grianna |
| | (éirithe as 18/1/2024) | Edel Ní Chorráin |
| | (ceaptha 18/1/2024) | Niamh Nic Cana |
| | | Elaine Ní Neachtain |
| | (éirithe as 31/7/2023) | Peadar Ó Muirí |
| | | Eibhlín Nic Gearailt |
| RÚNAÍ | | Pádraig Ó Beaglaoich |
| OIFIG | | 23 Plás Windsor<br>Baile Átha Cliath D02 RD80 |
| BAINCÉIRÍ | | Banc Aontais Éireann<br>40/41 Sráid Westmoreland<br>Baile Átha Cliath 2 |
| INIÚCHÓIR | | Seán Ó Súilleabháin<br>Cuntasóirí Cairte &<br>Iniúchóir Reachtúil,<br>An Meall,<br>Daingean Uí Chúis,<br>Co.Chiarraí. |

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

Tá an Chomhairle freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Tá iallach ar an gComhairle ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na Comhairle agus ar fharasbar nó ar easnamh na Comhairle don tréimhse. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do'n Chomhairle:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeadh sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Comhairle i mbun gnó.
- a lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta chuí, faoi réir aon eisceachtaí ábharthachta a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Deimhníonn an Comhairle go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá an Comhairle freagrach as taifid chuntasaíochta cuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na Comhairle ag am ar bith. Tá dualgas ar an gComhairle chomh maith sócmhainní agus, dá bharr sin, gach ní atá réasúnta a dhéanamh chun aon chalaois nó aon ghnóthaí cama eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Chomh fada agus is eol do'n Chomhairle:

- níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann (faisnéis a bheadh ag teastáil ón iniúchóir agus é ag ullmhú a thuarascála) nach eol do iniúchóir na Comhairle, agus
- tá gach céim glactha ag an gComhairle a ba chóir dóibh a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóir na Comhairle ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Sínithe thar ceann an bhoird

Cathnia Ó Muircheartaigh

Pádraig Mac Grianna

Dáta:_ 27.2.2024

*Seán Ó Súilleabháin*
*Cuntasóirí Cairte & Iniúchóir Cláraithe,*

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ

## Tuairim

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ("an Chomhairle") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 ar leathanaigh 7 go 10 ar a n-áirítear an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas, an Clár Comhardaithe agus nótaí ar na ráitis airgeadais ar a n-áirítear achoimre ar na polasaithe suntasacha cuntasaíochta mar atá leagtha amach i Nóta 1. Is é an creat tuairiscíochta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus Caighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102, a bhfuil feidhm leis i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe.

## Tuairimí agus conclúidí ag eascairt as m'iniúchadh

I dtaca leis na ráitis airgeadais, i mo thuairimse

- tugann siad léargas fíor cothrom ar na sócmhainní, na dliteanais agus ar staid airgeadais an Chomhairle ar an 31 Nollaig 2021 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- ullmhaíodh iad mar is cuí faoi réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102.

## Bunús na Tuairime

Stiúraigh mé m'iniúchadh faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) {CII (Éire)} agus an dlí atá i bhfeidhm. Tá cur síos breise ar mo fhreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán seo sa chuid de mo thuarascáil dar teideal Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar an ráitis airgeadais. Táim neamhspleách ar an gComhairle faoi réir na gceangaltas eiticiúla a bhaineann le m'iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, ar a n-áirítear Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí in Éirinn, a d'eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) agus chomhlíon mé mo chuid dualgas eiticiúla eile faoi réir na gceangaltas seo [ar a n-áirítear Alt 6 den Chaighdeán Eiticiúil – Forálacha ar fáil d'Aonáin Bheaga (FafAB) (2016) faoi réir na gcúinsí atá leagtha amach i Nóta 3 ar na ráitis airgeadais].

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé dóthanach agus cuí le go mbeadh bunús le mo thuairim.

## Tátail a bhaineann le gnóthas leantach

Níl aon ní le tuairisciú agam i dtaca leis na cúrsaí seo a leanas a bhfuil dualgas orm faoi réir CII (Éire) a thuairisciú libh nuair:

- nach bhfuil an úsáid a bhaineann comhaltaí na Comhairle as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, cuí; nó
- nár nocht comhaltaí na Comhairle sna ráitis airgeadais aon éiginnteachtaí ábhartha aitheanta a d'fhágfadh faoi amhras suntasach cumas na Comhairle chun leanúint de bheith ag baint úsáide as bonn cuntasaíochta an ghnó leantaigh ar feadh tréimhse dhá mhí déag ar a laghad ón dáta ar a n-údaraítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ
(ar leanúint)

### *Eolas Eile*

Tá comhaltaí na Comhairle freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas úd atá sa tuarascáil bhliantúil cé is moite de na ráitis airgeadais agus de mo thuarascáil orthusan. Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas breise agus, seachas an méid atá ráite go sonrach i mo thuarascáil, ní thugaim aon tátal dearbhaithe orthusan.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá freagracht orm an t-eolas breise a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, cíoradh a dhéanamh féachaint an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go bunúsach leis na ráitis airgeadais nó le heolas ar tháinig mé air agus mé i mbun an iniúchta, nó a fheictear dom a bheith míshonraithe go hábhartha ar aon dóigh eile. Má thagaim ar aon neamhréireacht ábhartha nó aon mhíráiteas follasach tá dualgas orm a chinneadh cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó aon mhíráiteas ábhartha san eolas eile. Má thagaim ar an dtuairim, agus an tuairim bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ann san eolas breise, tá dualgas orm é sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú agam i dtaca leis seo.

### *Tuairimí faoi nithe eile*

Fuaireas gach eolas agus gach míniú a mheasaim a bheith riachtanach chun críche m'iniúchta.

Is í mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta na Comhairle dóthanach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus mar is cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Freagrachtaí faoi seach

### *Freagrachtaí comhaltaí na Comhairle as na ráitis airgeadais*

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine i bhfreagrachtaí comhaltaí na Comhairle atá leagtha amach ar leathanach 3, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as bheith sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh go mbeidís saor ó aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar earráid nó mar chalaois.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá comhaltaí na Comhairle freagrach as cumas na Comhairle chun leanúint air mar ghnóthas leantach a mheas agus as nithe a bhaineann le gnóthas leantach á nochtadh acu, mar atá infheidhmithe, agus leas á bhaint acu as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé in intinn ag bainistíocht na Comhairle a leachtú nó éirí as gnóthaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu ach é sin a dhéanamh.

### *Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais*

Tá mar aidhmeanna agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar earráid nó mar chalaois, agus chun tuarascáil iniúchóra a eisiúint a chuimsíonn mo thuairim. Is dearbhú d'ardchaighdeán é dearbhú réasúnta, ach ní urrús é go n-éireoidh i gcónaí le hiniúchadh a dhéantar faoi réir CII (Éire) mírialtacht ábhartha a aimsiú nuair is ann di. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó as earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má cheaptar go réasúnta go bhféadfaidís, ina n-aonar nó ina n-iomláine, tionchar a imirt ar thuairimí eacnamaíochta úsáideoirí a bheadh bunaithe ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí as iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar an Suíomh Gréasáin IAASA ag: http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsiblities_for_audit.pdf. Tá an tuairisc seo mar chuid dár n-iniúchóirí tuarascáil.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ
(ar leanúint)

## Faisnéis bhreise ar scóip m'fhreagrachtaí mar iniúchóir

Mar chuid d'iniúchadh faoi réir CII (Éire), tarraingím ar bhreithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas proifisiúnta le linn an iniúchta. Thairis sin:

- Aithním agus déanaim meastóireacht ar na rioscaí a ghabhann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh sé mar thoradh ar chalaois nó ar earráid, ar leagan amach nó ar ghnáthaimh fheidhmiúcháin an iniúchta bheith freagrúil do na rioscaí seo, agus fianaise iniúchóireachta a aimsiú atá dóthanach agus cuí chun bheith mar bhonn le mo thuairim. Is mó an baol nach n-aimseofaí míráiteas a d'eascair as calaois ná ceann a d'eascródh as earráid, cionn is gur féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnamh d'aon ghnó, bréagléiriú nó sárú rialachais inmheánaigh bheith i gceist le calaois.
- Tuiscint a fháil ar an rialachas inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun go bhféadfaí gnáthaimh iniúchóireachta a dhearadh a bheadh oiriúnach do na toscaí ach ní chun críche tuairim a nochtadh faoi éifeacht rialachas inmheánach na Comhairle.
- Meastóireacht a dhéanamh ar chuibhiúlacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na bhfaisnéisithe gaolmhara a rinne na stiúrthóirí
- Teacht ar thuairim faoi cé chomh cuí is atá úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnó leantaigh ag comhaltaí na Comhairle agus, i bhfianaise na faisnéise iniúchóireachta a fuarthas, faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le cúinsí, a fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Comhairle chun leanúint air mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an dtuairim gur ann d'éiginnteacht ábhartha tá dualgas orm i mo thuarascáil iniúchóra aird a dhíriú ar an nochtadh eolais gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, má tá an nochtadh gan a bheith dóthanach, mo thuairimí a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta atá faighte agam suas le dáta mo thuarascáil iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó tosca amach anseo bheith ina gcúis le nach bhféadfadh an Chomhairle leanúint air mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais a mheas, ar a n-áirítear na nochtaithe agus faoi cé acu an léiríonn, nó nach léiríonn, na ráitis airgeadais bun-idirbhearta ar shlí a thugann léiriú cothrom.

Tuairiscím leosan a bhfuil freagracht as rialachas orthu i leith, i measc nithe eile, scóip agus tráthúlacht pleanáilte an iniúchta maille le nithe suntasacha a aimsítear san iniúchadh, ar a n-áirítear aon easpa shuntasach sa rialachas inmheánach ar tháinig mé uirthi le linn m'iniúchta.

## Cuspóir m'obair iniúchóireacha agus cé do/di a bhfuil mé freagrach

Is do chomhaltaí na Comhairle amháin, mar chomhlachas, mo thuarascáil. Thug mé faoi m'obair iniúchóireachta le go dtuairisceoinn do chomhaltaí na Comhairle na nithe úd a bhfuil dualgas orm a thuairisciú i mo thuairisc iniúchóireachta agus ní ar aon chúis eile. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí, ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht as m'obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu, i leith duine ar bith eile seachas i leith na Comhairle agus comhaltaí na Comhairle mar chomhlachas.

____________________
Seán Ó Súilleabháin

*Sínithe ar a shon agus thar a cheann:*

Seán Ó Súilleabháin & a Chomhlacht,
Cúntasóirí Cairte & Iniúchóir Reachtúil,
An Meall,
Daingean Úi Chúis,
Co.Chiarraí.

Dáta:_ 27.2.2024

## RÁITEAS AR IONCAM AGUS AR CHAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31-12-2023

| | Notaí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 1 | 3,122,209 | 2,632,123 |
| Caiteachas | | (3,363,047) | (2,589,716) |
| Farasbarr na bliana | | (240,838) | 42,407 |
| Barrachas/(easnamh) ag tús na bliana | | 631,724 | 589,317 |
| Barrachas ag deireadh na bliana | | 390,886 | 631,724 |

## CLÁR COMHARDAITHE AR AN 31-12-2023

| | Notaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | 4 | 68,272 | 98,758 |
| SOCHMHAINNÍ REATHA | | | |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíocht | 5 | 46,140 | 65,300 |
| Bainc agus Airgead Tirim | | 805,917 | 551,414 |
| | | 852,057 | 616,714 |
| CREIDIÚNAITHE (iníochta laistigh de bhliain amháin) | 6 | (529,443) | (83,748) |
| SÓCMHAINNÍ REATHA LÚIDE CREDIÚNAITHE | | 322,614 | 532,966 |
| SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE CREDIÚNAITHE | | 390,886 | 631,724 |
| CÚLCHISTE | | | |
| Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas | 7 | 390,886 | 631,724 |

Cheadaigh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus údaraíodh iad lena n-eisiúint ar 27.2.2024. Síníodh iad thar a cheann ag:

Cathnia Ó Muircheartaigh

Pádraig Mac Grianna

NÓTAÍ AR NA RÁITEAS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31-12-2023

**1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA**

**Bunús an ullmhúcháin**

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir FRS 105 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" (FRS 105) eisithe ag Údaras Maoirseachta Iniúcha agus Cuntasaíochta na hÉireann agus foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann

**Ioncam**

Léiríonn na suimeanna a thaispeántar mar Ioncam na fíorfháltais airgid thirim I gcaitheamh na bliana

**Díolúine Ráiteas Shreabhadh Airgid**

Bhain an Chomhairle leas as an díolúine atá in Alt 1A den Chaighdéan um Thuairisciú Airgeadais 102 agus mar thoradh air sin roghnaíodh gan ráiteas shreabhadh airgead a ullmhú.

**Tuarastal**

Íocann an Roinn Oideachas agus Scileanna baill áirithe d'fhoireann na Comhairle ar bhonn gníomhaireachta agus aisíoctar a t-airgead ó bhuiséad na Comhairle

**2. LEASANNA CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE**

Glacann an Chomhairle le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le leasanna Chomhaltaí a nochtadh. Cleachtadh gnó na Comhairle de réir na nósanna imeachta sin le linn na bliana. I gcás go raibh coinbhleacht leasa ann níor ghlac an comhalta cuí páirt sa phlé ná sa chinneadh

**3. SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL AG AN INIÚCHÓIR NEAMHSPLÉACH**

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chibeál céanna, cuidíonn ár n-iniúchóir na ráitis airgeadais a ullmhú.

**4. SÓCMHAINNÍ SEASTA**

| | Trealamh Oifige | Feicthicle Veain | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Costas** | | | |
| Ar an 1 Eanáir agus ar an 31 Nollaig | 34,773 | 94,471 | 129,244 |
| **Dímheas** | | | |
| Ar an 1 Eanáir | 11,591 | 18,895 | 30,486 |
| Muirear na bliana reatha | 11,591 | 18,895 | 30,486 |
| Ar an 31 Nollaig | 23,182 | 37,790 | 60,972 |
| **Glanmhéid** | | | |
| 31 Nollaig 2023 | 11,591 | 56,681 | 68,272 |
| 31 Nollaig 2022 | 23,182 | 75,576 | 98,758 |

**5. FÉICHIÚNAITHE**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| EDCO, ÁIS | 36,307 | 39,164 |
| Cíos Oifige | 9,833 | 9,833 |
| Féichiúnaithe Éagsúla | 0 | 16,303 |
| | 46,140 | 65,300 |

NÓTAÍ AR NA RÁITEAS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31-12-2023

**6. CREIDIÚNAITHE**

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | 404,292 | 0 |
| An Tionscadal Soláthair | 0 | 37,781 |
| Polasaí don Oideachas Gaeltachta | 82,650 | 3,728 |
| Seirbhísí Gairmiúla | 14,000 | 13,000 |
| Seirbhísí Taca | 0 | 21,000 |
| Triailscrúduithe | 9,531 | 1,426 |
| Creidiúnaithe Éagsúla | 18,970 | 4,183 |
| Cáin Iarchoimeádtha as Íocaíochtaí i leith Seirbhísí Gairmiúla | 0 | 2,630 |
| | 529,443 | 83,748 |

**7. CÚLCHISTE**

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| **Ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachais** | | |
| Farasbarr/(Easnamh) ag tús na bliana | 631,724 | 589,317 |
| Barrachas/(Easnamh) na bliana | (240,838) | 42,407 |
| Barrachas ag deireadh na bliana | 390,886 | 631,724 |

**8. TEAGMHAIS**

Níl aon dliteanais theagmhasacha ag deireadh na bliana.

**9. RIALÚ**

Níl aon pháirtí rialaithe deiridh ag an gComhairle.

**10. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Cheadaigh comhaltaí na Comhairle na ráitis airgeadais seo agus d'údaraigh siad chun iad a eisiúint ar 27.2.2024.

MIONCHUNTAS TRÁDÁLA
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31-12-2023

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| ***Ioncam*** | | |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | 2,657,942 | 2,000,000 |
| Tuarastail an Fheidhmeannais íoctha ag an Roinn | 382,058 | 299,623 |
| Polasaí don Oideachas Gaeltachta | 0 | 242,406 |
| Díolacháin | 82,037 | 89,060 |
| Cúrsaí Gaeltachta | 0 | 1,034 |
| Ús Taisce | 172 | 0 |
| | 3,122,209 | 2,632,123 |
| ***Caiteachas*** | | |
| Tuarastail | 786,350 | 493,421 |
| Taighde | 200,297 | 161,778 |
| Áiseanna Iarbhunscoile | 612,585 | 559,103 |
| Áiseanna Bunscoile | 302,355 | 505,191 |
| Seirbhísí Taca | 499,275 | 273,490 |
| Polasaí don Oideachas Gaeltachta | 377,134 | 184,828 |
| Trialscrúduithe | 44,455 | 0 |
| Cíos Oifige agus Stóráil | 86,269 | 91,106 |
| Slándáil agus Árachas | 5,783 | 2,081 |
| Cruinnithe agus Seimineáir | 23,506 | 21,472 |
| Taisteal agus Cothabháil | 81,526 | 53,608 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 0 | 13,034 |
| Seirbhísí Gairmiúla | 32,353 | 46,783 |
| Seirbhísí Eolais | 44,698 | 0 |
| Costais Oifige | 59,557 | 34,984 |
| Cabhair Riaracháin | 65,442 | 36,812 |
| Fógraíocht | 29,620 | 18,059 |
| Oiliúint agus Forbairt Foirne | 24,464 | 14,840 |
| An Tionscnamh Soláthair | (37,781) | 0 |
| Tacaíocht Teicneolaíocht Faisnéise | 47,807 | 0 |
| Earcú | 7,297 | 10,640 |
| Trialscrúduithe | 0 | 38,000 |
| Dianchúrsaí | 37,569 | 0 |
| Deontas Aonuaire | 2,000 | 0 |
| Dímheas: Veain | 18,895 | 18,895 |
| Dímheas: Trealamh Oifige | 11,591 | 11,591 |
| | 3,363,047 | 2,589,716 |
| ***Barrachas (Easnamh) na bliana*** | (240,838) | 42,407 |

An Roinn Oideachais
Department of Education

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland